LOBBYING.ie
An Clár Brústocaireachta
Register of Lobbying

# Brústocaireacht a Rialáil 2016

## Tuarascáil Bhliantúil





Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
18 Sráid Líosain Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 HE97

Teil.: (01) 639 5722
R-phost: info@lobbying.ie

Suíomh Gréasáin: www.lobbying.ie
Twitter: @LobbyingIE

ISSN: 2009-9363


# Clár Ábhar

Brollach 2
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 3
Réamhrá ón gCathaoirleach 4
Tuairisceáin chuig an gClár sa bhliain 2016 4
Tosach feidhme na bhforálacha forfheidhmithe 5
Athbhreithniú ar oibriú an Achta 5
Ráiteas ón gCeann um Eitic agus Brústocaireacht a Rialáil 6
**Caibidil 1 An ról atá ag an gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le Brústocaireacht a Rialáil 8**
**Caibidil 2 Cláruithe agus Tuairisceáin 10**
**Caibidil 3 Oibríochtaí 14**
Nósanna imeachta agus próisis achomhairc inmheánacha 15
Cinntí faoi alt 14 15
Imscrúduithe faoi alt 19 den Acht 17
Iarratais ar thoiliú faoi alt 22 den Acht 17
Fógraí Íocaíochta Seasta a seirbheáladh faoi alt 21 den Acht 19
**Caibidil 4 Cumarsáid agus For-rochtain 20**
Uirlisí faisnéise agus acmhainní 21
An Grúpa Comhairleach ar Bhrústocaireacht a Rialáil 21
**Caibidil 5 Príomh-Shaincheisteanna sa bhliain 2016 agus na Chéad Chéimeanna Eile 22**
Ullmhúchán do thosach feidhme Chuid 4 den Acht – Forálacha Forfheidhmithe 23
Cáilíocht na faisnéise arna cur isteach chuig an gClár 25
Cód Iompair 27
Athbhreithniú ar oibriú an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 27
Ceanglais alt 2 den Acht 27
An Chéad Athbhreithniú 27
**Aguisín 1:**
**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí – feidhmeanna reachtacha 30**
Forbhreathnú ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 31
Forálacha Eile 33
Ionstraimí Reachtúla faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil 33
**Aguisín 2:**
**Athbhreithniú Reachtach ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015: Aighneacht ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 34**
**Aguisín 3:**
**Staitisticí 37**

# Brollach

Cuireadh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) ar bun sa bhliain 2001, agus feidhmíonn sé mar Chláraitheoir Brústocaireachta. Pléitear sa tuarascáil seo leis na gníomhaíochtaí ar thug an Coimisiún fúthu sa bhliain 2016 le linn dó gníomhú mar Chláraitheoir Brústocaireachta agus maoirseacht a dhéanamh ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.

De réir fhorálacha alt 25(1) den *Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015,* tá áthas orm an *Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2016 ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí* a chur isteach lena leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.



**An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe**
Cathaoirleach
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Meitheamh 2017

# An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Comhlacht neamhspleách a bunaíodh i mí na Nollag 2001 leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, is ea an Coimisiún. Tá freagracht maoirseachta ar an gCoimisiún faoi shraith píosaí reachtaíochta ar leith lena bpléitear le heitic in oifigí poiblí, le rialáil toghcháin, le maoiniú polaitíochta, le tuairisciú airgeadais polaitíochta agus leis an mbrústocaireacht a rialáil. Cuimsíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo gníomhachtaí an Choimisiúin i ndáil leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015. Eisíonn an Coimisiún tuarascáil bhliantúil eile maidir ina coimsítear na reachtanna eile faoina churaim.

Cuimsíonn an Coimisiún seisear comhaltaí. Tá an Coimisiún faoi chathaoirleacht ag iar-Bhreitheamh de chuid na hArd-Chúirte. Ba iad seo a leanas na comhaltaí den Choimisiún le linn na bliana 2016:

- **An Breitheamh Daniel O'Keeffe** Cathaoirleach
- **Peter Finnegan** Cléireach Dháil Éireann
- **Deirdre Lane** Cléireach Sheanad Éireann (go dtí an 21 Deireadh Fómhair 2016)
- **Martin Groves** Cléireach Sheanad Éireann (ón 10 Samhain 2016)
- **Seamus McCarthy** an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- **Jim O'Keeffe** Iarchomhalta de Dháil Éireann
- **Peter Tyndall** an tOmbudsman

Cuireann Oifig an Ombudsman foireann rúnaíochta ar fáil don Choimisiún.

# Réamhrá ón gCathaoirleach



**An Breitheamh Daniel O'Keeffe**
Cathaoirleach

Faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil (an tAcht), tá an Coimisiún freagrach as an gClár Brústocaireachta ar líne (an Clár) a chothabháil, as treoir a sholáthar maidir le hoibriú an Achta, as na feidhmeanna cinnteoireachta dá bhforáiltear san Acht a chomhlíonadh, as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta agus, le héifeacht ón 1 Eanáir 2017, as imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe iomchuí ar an Acht agus as smachtbhannaí iomchuí a riar ina leith.

## Tuairisceáin chuig an gClár sa bhliain 2016

Ba é an 21 Eanáir 2016 an chéad spriocdháta tuairiscithe le haghaidh na nOifigeach Poiblí Ainmnithe (OPA) sin atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí brústocaireachta. Maidir leo sin a thug faoi ghníomhaíochtaí brústocaireachta le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig 2015, ceanglaíodh orthu clárú agus tuairisceáin a chur isteach chuig an gClár faoin 21 Eanáir 2016. Chláraigh níos mó ná 1,100 eagraíocht agus duine aonair agus cuireadh níos mó ná 2,500 tuairisceán isteach chuig an gClár faoin gcéad spriocdháta le haghaidh tuairisceán. Bhí trí thréimhse tuairiscithe ann ina dhiaidh sin le linn na bliana 2016.

Dúirt mé díreach tar éis an chéad spriocdháta tuairiscithe go raibh an leibhéal foriomlán comhlíonta ina tháscaire an-dearfach go rabhthas ag glacadh leis an ngá atá ann le hoscailteacht agus le trédhearcacht i gcúrsaí brústocaireachta. Bhí an méid sin le feiceáil freisin sa líon cláruithe a bhí ann agus sa líon tuairisceán a fuarthas i leith tréimhsí tuairiscithe ina dhiaidh sin. Cé go n-aithníonn sé go bhfuil roinnt réimsí agus earnálacha ann a bhféadfadh gur ghá don Choimisiún dul i mbun tuilleadh gníomhaíochtaí for-rochtana iontu, is cúis áthais agus spreagtha don Choimisiún é an leibhéal comhlíonta a baineadh amach le linn na bliana 2016, arbh í an chéad bhliain iomlán ina raibh an tAcht i bhfeidhm í.

Le linn na bliana 2016, bhí sé mar aidhm ag an gCoimisiún leanúint ar aghaidh le tuiscint ar an Acht a chothú agus comhlíonadh an Achta a spreagadh. D'éirigh leis torthaí dearfacha a bhaint amach a bhuí leis an gcur chuige sin agus leis na hiarrachtaí suntasacha a bhí i gceist leis an gcóras rialála nua a bhunú agus a chur chun feidhme. Chláraigh níos mó ná 1,600 duine aonair agus eagraíocht agus cuireadh níos mó ná 14,000 tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach chuig an gClár ó Mheitheamh na bliana seo. Tá na luath-thorthaí láidre sin ina dtáscaire dearfach ar an dóigh a bhfuil daoine a bhfuil oibleagáidí orthu faoin Acht ag glacadh leis an bpróiseas um brústocaireacht a rialáil. Is fianaise iad freisin ar a sholáimhsithe atá an córas, ar a éifeachtaí atá straitéis for-rochtana an Choimisiúin agus ar an leibhéal rannpháirtíochta atá ann i measc príomh-gheallsealbhóirí, lena n-áirítear brústocairí agus daoine a bhfuil brústocaireacht á déanamh acu araon.

Mórábhar misnigh don Choimisiún is ea an dul chun cinn a rinneadh le linn na bliana 2016 maidir leis an Acht nua a chur chun feidhme. Leis an bhfaisnéis atá ar fáil ar an gClár anois, tugtar do phobal na hÉireann léargas luachmhar ar an ról a imríonn an bhrústocaireacht i mbreitheanna beartais agus cistiúcháin a mhúnlú. Bhí áthas orm a thabhairt faoi deara gurbh amhlaidh, le linn dó an próiseas comhairliúcháin phoiblí a sheoladh don chéad athbhreithniú ar an Acht, gur labhair an tUas. Paschal O'Donohoe TD, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoi rath an chórais ar líne agus faoi na hardleibhéil chomhlíonta a bhí ann.

## Tosach feidhme na bhforálacha forfheidhmithe

Agus é ag cloí leis an gcur chuige incriminteach a bhí á ghlacadh i leith chur chun feidhme an chórais rialála nua, d'fhógair an tAire an 11 Iúil 2016 go dtiocfadh Cuid 4 den Acht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017. Is leis an gcuid sin a fhoráiltear d'fhorálacha forfheidhmithe.

Cuirim fáilte roimh thabhairt isteach fhorálacha forfheidhmithe an Achta. Tabharfar leis na forálacha sin na tacaí a theastaíonn ón gCoimisiún chun cur chun feidhme éifeachtach an Achta a chinntiú. Tá tuilleadh sonraí faoi na forálacha forfheidhmithe agus faoin dóigh ar ullmhaigh an Coimisiún do thosach feidhme na bhforálacha sin le fáil i gCaibidil 5 den tuarascáil seo.

## Athbhreithniú ar oibriú an Achta

Ceanglaíodh le halt 2 den Acht go ndéanfaí an chéad athbhreithniú ar oibriú an Achta a thosú faoin 1 Meán Fómhair 2016. Foráiltear leis an Acht nach mór don Aire tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin ina n-áireofar an Coimisiún, Coistí Oireachtais, daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta agus comhlachtaí atá ionadaitheach dóibh agus aon daoine eile, de réir mar is cuí. Sa tuarascáil ar an athbhreithniú, ba cheart plé le fionnachtana an athbhreithnithe, leis na tátail a baineadh as na fionnachtana sin agus le haon mholtaí ar leasuithe ar an reachtaíocht atá bunaithe ar na fionnachtana sin. Ceanglaítear athbhreithniú a dhéanamh gach trí bliana ina dhiaidh sin.

Sheol an tAire an próiseas athbhreithnithe an 31 Lúnasa 2016. Chuir an Coimisiún aighneacht faoi bhráid an Aire ansin, rud a bhí bunaithe ar an eispéireas a bhí aige sa chéad bhliain inar riar sé an tAcht. Tá tuilleadh sonraí faoin bpróiseas athbhreithnithe agus faoin aighneacht ón gCoimisiún le fáil i gCaibidil 5 den tuarascáil seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí eile den Choimisiún as a gcuid oibre le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le gach duine de na comhaltaí den Ghrúpa Comhairleach ar Bhrústocaireacht a Rialáil, rud a chuir an tAire ar bun sa bhliain 2015. Bhí rannchuidiú an Ghrúpa an-luachmhar maidir le cabhrú leis an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na príomh-shaincheisteanna cur chun feidhme a tháinig as bunú an Chláir.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Sherry Perreault Uas. agus leis an Aonad um Brústocaireacht a Rialáil freisin as an obair chrua a rinne siad sa bhliain seo a chuaigh thart maidir leis an gcóras rialála nua a bhunú agus a chur chun feidhme.

Tuigeann gach comhalta den Choimisiún agus den Aonad um Brústocaireacht a Rialáil an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí brústocaireachta a rialáil agus leanfaidh siad ar aghaidh le huirlisí oideachais agus faisnéise a fhorbairt agus a bheachtú ar mhaithe le heolas agus tuiscint ar an Acht a chur chun cinn. Féachfaidh an Coimisiún leis na forálacha forfheidhmithe agus na smachtbhannaí atá leagtha amach i gCuid 4 den Acht a chur chun feidhme ag an am céanna.

# Ráiteas ón gCeann um Eitic agus Brústocaireacht a Rialáil



**Ms Sherry Perreault**
Ceann Rialála Eitice agus Brústocaireachta

Sa dara tuarascáil bhliantúil maidir leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil, tugtar deis thráthúil dúinn machnamh a dhéanamh ar chur chun feidhme leanúnach an Achta thar an mbliain seo a chuaigh thart, an t-eolas is déanaí a thabhairt ar na príomhfhorbairtí, agus breathnú romhainn ar a mbeidh le déanamh againn sa todhchaí.

Tá áthas orm a rá go leantar ar aghaidh le dea-dhul chun cinn a dhéanamh ar chur chun feidhme an Achta. Cé gur feiniméan measartha nua in Éirinn í, is amhlaidh, tríd is tríd, go bhfuiltear ag glacadh leis go bhfuil rialáil na brústocaireachta ina huirlis úsáideach riachtanach maidir le trédhearcacht agus le cuntasacht a chinntiú i mbreitheanna earnála poiblí.

Tháinig na hoibleagáidí faoin Acht i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2015. Tháinig Cuid 4 den Acht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017. Is leis an gCuid sin a thugtar d'údarás don Choimisiún an tAcht a fhorfheidhmiú. Bhí sé i gceist ón tús nach dtiocfadh na forálacha forfheidhmithe i bhfeidhm go dtí go rachadh bliain iomlán thart ó thosach feidhme an Achta. Ba é an toradh ar an gcur chuige incriminteach sin i leith thosach feidhme an Achta gur tugadh tréimhse fhadaithe ama do dhaoine cleachtadh a fháil ar a gcuid oibleagáidí sula dtiocfadh na forálacha forfheidhmithe i bhfeidhm.

Faoi mar a tharla i rith na bliana seo chaite bhí roinnt nithe le tabhairt faoi deara den chéad uair riamh sa bhliain 2016: an chéad spriocdháta le haghaidh tuairisceán; na chéad iarratais ar thoiliú faoi na forálacha maidir le foilsiú moillithe agus maidir le fostaíocht iarthéarma atá san Acht; an chéad tuarascáil bhliantúil; seoladh an chéad athbhreithnithe reachtaigh ar an Acht; agus an chéad bhliain a bheith dulta thart ó thosach feidhme an Achta. Bhí roinnt nithe níos suntasaí le tabhairt faoi deara sa bhliain freisin: tar éis trí spriocdháta le haghaidh tuairisceán sa bhliain 2016, bhí níos mó ná 1,500 cláraí ann sa chóras, agus iad ag déanamh ionadaíocht do raon leathan earnálacha agus leasanna. Bhí níos mó ná 11,000 tuairisceán ann ar an gClár freisin, figiúr a tháinig méadú air sa bhliain 2017 mar a luaitear i réamhrá an Chathaoirligh.



1,300 registrations with new Register of Lobbying

The new Register of Lobbying has had more than 1,300 people or organisations register with it since it came into operation last year.

It has also received 4,548 returns from September 1st last, the date the register came into operation.

The new register launched its first annual report yesterday. Sherry Perreault, the head of lobbying regulation, said she was pleased with the number of people who had registered and filed returns with the organisation so far, as well as how it was s operating.

The Register of Lobbying is part of the Standards of Public Office Commission.

Ms Perreault said the register was still a relatively new organisation and it would take time for people to acclimatise to it.

Areas of confusion include determining whether a communication counts as lobbying and ensuring that returns submitted are meaningful and contain sufficient detail to meet the required obligations.

Ms Perreault said an incremental approach had been taken to its introduction.

FIACH KELLY

Irish Times. Dé Ceadaoin, 29 Bealtaine 2016.

Mar gheall ar thosach feidhme fhorálacha forfheidhmithe an Achta an 1 Eanáir 2017, tá sásraí breise ar fáil don Choimisiún anois chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach an Achta. Cuireadh Aonad Imscrúduithe nua ar bun freisin chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún ina leith sin. Tá agus beidh sé mar phríomhthosaíocht againn go fóill comhlíonadh a spreagadh sa chéad ásc, áfach.

Áirítear leis na tosaíochtaí eile atá againn sa bhliain atá romhainn leanúint ar aghaidh le feasacht a mhéadú i measc an mhórphobail faoin Acht agus faoi na ceanglais a ghabhann leis. Leanfaimid ar aghaidh le dul i gcion ar chláraithe féideartha, agus sinn ag díriú go príomha ar na contaetha agus ar na leasanna earnála sin atá faoi ghannionadaíocht ar an gClár.

Méadóimid ar ár n-iarrachtaí oideachais a bhfuil sé mar aidhm leo feabhas a chur ar chomhlíonadh na spriocdhátaí agus a chinntiú go mbíonn tuairisceáin fhiúntacha á gcur isteach. Leanfaimid ar aghaidh lenár dtreoir reatha a bheachtú nuair is gá freisin. Thar aon rud eile, féachfaimid leis an Acht a riar ar bhealach atá cothrom, comhsheasmhach agus soiléir.

Ba neamartach dom gan buíochas a ghabháil le foireann an Aonaid um Brústocaireacht a Rialáil agus le mór-Rúnaíocht an Choimisiúin as an tsárobair a rinne siad chun tacú leis an gCoimisiún a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh thar an mbliain seo a chuaigh thart. Is an-mhór ag comhaltaí den Choimisiún agus agamsa féin an obair sin ar fad.



5,500 returns under lobbying rules

Some confusion persists over process introduced in 2015

Evelyn Ring

Over 1,300 individuals and organisations submitted more than 5,500 returns since new lobbying rules were introduced last year, it has emerged.

People who lobby designated public officials are required to register and report on their lobbying activities every four months.

In its first annual report on the Regulation of Lobbying Act, published yesterday by the Standards in Public Office Commission, it said it was pleased with the response so far.

Commission chairman, Daniel O'Keeffe, said: "The results we have seen to date are a very positive indicator that there is an acceptance of the need for openness and transparency in lobbying."

The Regulation of Lobbying Act, that commenced last September, is aimed at making the lobbying process more transparent.

However, the commission, an independent body established in 2001 by the Standards in Public Office Act, has found some areas where confusion over the act's requirements persists.

There was some uncertainty over determining whether a communication counted as lobbying and ensuring that returns submitted were meaningful and contained sufficient detail.

Also, there is an obligation for registrants to submit a return for every relevant period, including a "nil return" for periods during which they did not lobby.

Head of lobbying regulation, Sherry Perreault, said the report marked a significant milestone in the evolution of ethics law in Ireland.

Ms Perreault said 1,338 registrants had made 5,548 returns to date, and it was clear their efforts to build awareness and understanding had resulted in the high level of registration and returns. "While we are very pleased with the early results, there is still work to be done to ensure that all those lobbying are aware of their obligations under the act," she said.

The six-member commis-

**Irish Examiner. Dé Ceadaoin, 29 Bealtaine 2016.**



# Caibidil 1

## An ról atá ag an gCoimisiún maidir le Brústocaireacht a Rialáil

# Caibidil 1 – An ról atá ag an gCoimisiún maidir le Brústocaireacht a Rialáil

Mar aon le Clár Brústocaireachta Gréasánbhunaithe poiblí a bhunú agus a mhaoirsiú, foráiltear leis an Acht go ndéanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas:

- faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta;
- scrúdú a dhéanamh ar thuairiscí á rá go bhfuil faisnéis ar an gClár míchruinn, as dáta nó míthreorach, agus aon fhaisnéis a chreideann an Coimisiún a bheith míchruinn, as dáta nó míthreorach a bhaint den Chlár;
- cinneadh a dhéanamh ar iarrataí ar mhoill a chur ar fhoilsiú faisnéise atá i gclárú nó i dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta;
- cinneadh a dhéanamh ar iarrataí ar an tréimhse mharana iarfhostaíochta a tharscaoileadh nó a laghdú le haghaidh catagóirí sonracha d'oifigigh phoiblí ainmnithe atá faoina réir;
- cód iompair a fhorbairt agus a mhaoirsiú;
- treoir a chur ar fáil agus tuiscint a chur chun cinn ar an Acht;
- sáruithe ar an reachtaíocht a imscrúdú agus a ionchúiseamh;
- eisiúint fógraí íocaíochta seasta a riar i leith tuairisceáin dhéanacha, agus
- tuarascálacha bliantúla a dhéanamh don Oireachtas.

Tá tuilleadh faisnéise faoin Acht agus faoi fheidhmeanna reachtacha an Choimisiúin le fáil in Aguisín 1 a ghabhann leis an Tuarascáil seo.



New deadline for lobbyists looms for local organisations

Just eleven bodies registered in advance of new state regulations

BY DARA BRADLEY

JUST eleven Galway organisations have registered as lobbyists, as the deadline to comply with new political lobbying fast approaches.

Organisations involved in lobbying this summer have until September 21 to register and file their lobbying activities with the Standards In Public Office (SIPO).

Members of the public, who lobbied City or County Councillors, about development plans or re-zoning may also be obliged to declare their interest.

The new lobbying Act was introduced last year and has been implemented incrementally.

It includes the requirement for those who lobby designated public officials to register and report on their lobbying activities every four months.

From next January, SIPO has the authority to investigate and prosecute contraventions of the Act and to levy fixed payment notices for late filing of lobbying returns.

Head of Lobbying Regulation Sherry Perreault said: "The focus in the first year of the Act's operation has been on promoting knowledge and understanding of the Act to encourage compliance, with very positive early results. To date, more than 1,300 persons and organisations have registered and more than 4,500 returns have been published on the register."

The organisations in Galway that have registered so far, according to Lobbying.ie are Cope Galway, Galway Chamber, Galway Volunteer Centre, Galway Hospice, Galway Youth Federation, Galway Traveller Movement, Galway City Community Network, Port of Galway, Galway Civic Trust and Galway Centre for Independent Living.

Galway City Councillor Niall McNelis urged individuals and organisations who have lobbied throughout the course of the city development plan this summer to check if they need to comply with the legislation.


"People may not be aware that they may have to register," said the Labour Party Councillor.

He pointed to an extract in the guidelines on lobbying in relation to development and zoning of land from SIPO.

The Act states: "When communicating with public officials or representatives regarding the zoning or development of land, individuals and groups who may not ordinarily regard themselves as carrying on lobbying activities, may find that the Act also applies to them. These guidelines deal specifically with lobbying in relation to zoning and development.

"When drawing up development plans or local area plans, local authorities engage in a formal consultation process. This

**Connacht Tribune. Dé hAoine, 02 Meán Fómhair 2016.**



# Caibidil 2

## Clárúcháin agus Tuairisceáin

# Caibidil 2 – Clárúcháin agus Tuairisceáin

Tháinig an tAcht i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2015. Bhain an chéad tréimhse tuairisceán ("an tréimhse iomchuí") leis an tréimhse idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig 2015. Ba ghá na tuairisceáin don tréimhse sin a chur isteach faoin 21 Eanáir 2016, arbh é an "dáta iomchuí" é. Ba iad seo a leanas na tréimhsí iomchuí agus na dátaí iomchuí ina dhiaidh sin do thuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a seoladh le linn na bliana 2016:

- ba ghá tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a seoladh le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 30 Aibreán 2016 a chur isteach faoin 21 Bealtaine 2016;
- ba ghá tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a seoladh le linn na tréimhse idir an 1 Bealtaine agus an 31 Lúnasa 2016 a chur isteach faoin 21 Meán Fómhair 2016, agus
- ba ghá tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a seoladh le linn na tréimhse idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig 2016 a chur isteach faoin 21 Eanáir 2017.

Sa tuarascáil seo, tá an Coimisiún ag tabhairt tuairisc ar na tuairisceáin a fuarthas i leith an chéad cheithre thréimhse tuairiscithe.

## An líon clárúchán a bhí ann agus an líon tuairisceán a fuarthas i ngach tréimhse iomchuí

Leagtar amach sa tábla thíos an líon clárúchán a bhí ann ag deireadh gach tréimhse iomchuí agus an líon tuairisceán a fuarthas faoin spriocdháta iomchuí do gach tréimhse iomchuí. Tá tuairisceáin "nialasacha" ar áireamh sa líon tuairisceán a fuarthas freisin. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur chuir roinnt cláraithe níos mó ná tuairisceán amháin isteach. I gcodarsnacht leis sin, níor chuir roinnt cláraithe aon tuairisceán isteach do thréimhse iomchuí. (Roimh an 1 Eanáir 2017, níor forchuireadh aon smachtbhanna i leith mainneachtain tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach.)

### Tábla 1: Miondealú ar na clárúcháin agus ar na tuairisceáin don chéad ceithre thréimhse iomchuí

| Tréimhse Iomchuí (Dáta iomchuí) | An líon clárúchán (líon carnach) | An líon tuairisceán a fuarthas (don tréimhse) |
|---|---|---|
| 1 Meán Fómhair – 31 Nollaig 2015 (21 Eanáir 2016) | 1045 | 2740 |
| 1 Eanáir – 30 Aibreán 2016 (21 Bealtaine 2016) | 1245 | 1990 |
| 1 Bealtaine – 31 Lúnasa 2016 (21 Meán Fómhair 2016) | 1427 | 2887 |
| 1 Meán Fómhair – 31 Nollaig 2016 ( 21 Eanáir 2017) | 1565 | 3437 |

*Seo an líon clárúchán ar na dátaí iomchuí do na tréimhsí iomchuí
(21 Eanáir 2016, 21 Bealtaine 2016, 21 Meán Fómhair 2016 agus 21 Eanáir 2017)


Thug an Coimisiún faoi deara go raibh roinnt earráidí agus míthuiscintí coitianta ann sna hiarratais ar chlárú agus sna tuairisceáin a cuireadh isteach, ba iad sin:

## Iarratais ar chlárú

- ba de bhotún a chláraigh roinnt daoine aonair agus eagraíochtaí deonacha nár tháinig faoi raon feidhme an Achta,
- chláraigh roinnt daoine (daoine aonair agus eagraíochtaí deonacha go háirithe) i ndáil le cumarsáidí nár bhain le "ní iomchuí",
- ba i gcáil duine aonair a chláraigh roinnt daoine a sheol gníomhaíochtaí brústocaireachta thar ceann gnóthais, cuideachta nó eagraíocht eile,
- sholáthair roinnt daoine sonraí teagmhála pearsanta, cé go raibh sé soiléir gur cheart dóibh sonraí teagmhála ghníomhaíochtaí gnó nó phríomhghníomhaíochtaí an duine (mar a cheanglaítear faoi 11 den Acht) a sholáthar,

## Tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta

- agus tuairisceán á chur isteach aige/aici, ní mór do dhuine faisnéis a sholáthar faoi gach cumarsáid a bhaineann le hábhar an tuairisceáin le linn na tréimhse iomchuí. Tharla sé gur chuir roinnt daoine tuairisceáin ar leith isteach i leith gach gníomhaíochta brústocaireachta nó i leith gach cumarsáide a seoladh ar an aon ábhar amháin le linn na tréimhse iomchuí,
- i gcás roinnt daoine a chuir tuairisceáin isteach, sholáthair siad faisnéis faoi chumarsáidí le hoifigigh phoiblí nárbh Oifigigh Phoiblí Ainmnithe iad;
- agus tuairisceán á chur isteach acu, ní mór do dhaoine faisnéis shonrach a sholáthar faoi ábhar na cumarsáide agus faoi na torthaí a beartaíodh a bhaint amach léi. I roinnt cásanna, chuir daoine tuairisceáin isteach nach raibh an fhaisnéis maidir lena ngníomhaíochtaí brústocaireachta fiúntach ná sonrach iontu (e.g. *"chun ábhair spéise a tharraingt anuas"; "chun aird a tharraingt ar ábhair imní",* etc).



Transparency in lobbying

AS we head towards the 2016 General Election, raising the issue of lobbying is timely. Lobbying is how things work in most societies worldwide; you talk to people who know people, who in turn know somebody else in the right place.

Lobbying touches greatly on modern politics and, in particular, on related departmental and public service structures. It can speed up things, compared to weaving one's way though a complex web of written applications or setting up a chain of appointments.

There is absolutely nothing wrong with lobbying, so long as it's all above board. It is, however, a very imperfect science, one fraught with dangers of being held up as inappropriate, to be charitable, no matter how well-intentioned. Unfortunately, we have a history of lobbying in the form of a nod and a wink in all manners of dealing, from planning to finance.

It is a welcome development that new regulations have been introduced to bring clarity to the rules of engagement in this country. This Thursday marks an important milestone for Ireland's new Register of Lobbying – the first reporting deadline for those lobbying designated public officials.

On September 1 last year, the Regulation of Lobbying Act 2015 commenced and, with it, the requirement for those who lobby designated public officials to register and report on their lobbying activities every four months. This Thursday is the first deadline for those who undertook any lobbying during the period of September 1 to December 31, 2015. Information submitted to the register is available for public inspection at www.lobbying.ie, just like access to planning files. The website has a suite of information tools designed to help lobbyists, public officials and the public to fully understand the Act and its obligations.

However, the Standards in Public Office Commission has already taken steps to ensure there shouldn't be any chance for would-be lobbyists to suggest they are not au fait with what is required of them under the Act. Presentations to stakeholder groups, the publication of information materials and a national advertising campaign to stimulate discussion of what is considered as lobbying has been part of the education process.

Head of lobbying regulation, Sherry Perreault, is happy with how things are progressing. "Hundreds of organisations and individuals have registered well in advance of the deadline and a significant number of returns have already been submitted. We expect those numbers to continue to grow by January 21, the first deadline for returns," she said.

It is the Commission's wish that the Register of Lobbying will become a cornerstone of transparency in Irish public life. Full commitment to compliance holds the key, rather than falling to the temptation of trying to circumvent the regulations.

Clare Champion. Dé hAoine, 22 Eanáir 2016.

I gcás gur mheas an Coimisiún nach raibh ceanglas ar dhuine ar leith clárú, rinne an Coimisiún teagmháil leis an duine sin chun a dheimhniú cé acu a tháinig nó nár tháinig sé/sí faoi raon feidhme an Achta agus chun a dheimhniú cé acu a sheol nó nár sheol sé/sí gníomhaíocht brústocaireachta. Má tharla sé nach raibh aon cheanglas ar an duine clárú, d'fhéadfadh an duine sin a iarraidh go scriosfaí a c(h)lárú agus a t(h)uairisceán ón gClár. Ba de réir alt 13 den Acht a scriosadh cláruithe míchearta agus tuairisceáin mhíchearta.

I gcás gur mheas an Coimisiún go raibh an fhaisnéis a tugadh in iarratas ar chlárú nó i dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta míchruinn nó míthreorach nó nach raibh sách sonraí inti, d'iarr an Coimisiún ar an duine (faoi alt 13 den Acht arís) leasú a dhéanamh ar a (h) iarratas nó ar a t(h)uairisceán, de réir mar a bhí.

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an doiciméad Ceisteanna Coitianta uaidh le linn na bliana. Chomh maith leis sin, d'ullmhaigh sé dhá nóta treorach shonracha ar a shuíomh gréasáin chun dul i ngleic leis na botúin is coitianta a dhéantar nuair a bhíonn iarratais ar chlárú nó tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta á gcur isteach.

Coinnítear ábhar agus feidhmíocht an Chláir ar líne faoi athbhreithniú ó thaobh an úsáideora de agus ó thaobh an Choimisiúin de mar riarthóir araon chun a chinntiú go mbíonn sé á oibriú ar an mbealach is éifeachtaí is féidir. Léiríodh sna chéad chláruithe agus sna chéad tuairisceán a fuarthas go raibh roinnt réimsí den Chlár ar líne ina gcúis le deacrachtaí do chláraithe. Rinne an Coimisiún tuilleadh obair forbartha ar an gClár le linn shamhradh na bliana 2016. Chabhraigh an méid sin le feabhas a chur ar eispéireas an úsáideora ar an gClár agus ar an dóigh a mbíonn an Clár á riar ag an gCoimisiún é féin. Críochnaíodh an obair forbartha sin sular tosaíodh ag cur tuairisceán isteach i leith na tréimhse iomchuí idir an 1 Bealtaine agus an 31 Lúnasa 2016.



**The new lobbying register proves its worth by showing us how politics really works**

**Richard Curran**

AFTER years of investigations and a cost of hundreds of millions of euro, one thing we should have got out of our various tribunals of inquiry was an effective and transparent set of rules and disclosures about lobbying.

Contacts between public officials, politicians and ministers on the one hand, and those who have a vested interest in persuading them to change public policy (or not), on the other hand, need to have some rules and openness.

It took a long time but eventually, Public Expenditure Minister Brendan Howlin brought through the Registration of Lobbying Bill.

Incredibly, over 1,000 lobbyists registered under the new legislation and in recent weeks came the publication of the first official record of political activities. In all, the new register showed that 568 returns were made for the period from September to December 2015.

There are few surprises in the lobbying contacts published for those three months, yet there is enough material in there to get a sense of why the register is so important.

When people think of lobbying, they think of big business. Corporate lobbying is a fact of life and something that often simply has to be done. Public policy makers might not be informed about the implications of policy decisions they make.

Industry groups, such as the Irish Farmers Association or Ibec, are among the biggest lobbyists in the country. It is hardly surprising that they clocked up more than 100 lobbying contacts each during the period. Anything less and they might not be doing their job.

Professional lobby groups welcomed the wide reach of the new legislation because it means that not just lobbyists have to register. Any business or individual making an approach to a public official with a view to influencing public policy comes under the legislation.

Lobbyists welcomed this, because without it, they might be out of a job. Imagine if a corporation, seeking to apply discreet pressure on a minister could have a chat with him at a race meeting about an issue, but if the corporation paid a lobbyist to do the same thing, it would have to be recorded on a public register.

Lobbying contacts disclosed in the first set of returns give an interesting insight into who talks to whom and why.

Former secretary general of the Department of Finance John Moran, who is now a consultant, lobbied Michael Noonan about State contracts for Japanese bank Nomura. Mr Moran met Mr Noonan and Des Carville, who runs the unit that owns the State's bank shares. It is an unusual set of circumstances given that Mr Moran was Mr Carville's superior at the department, but that isn't anybody's fault.

Musgrave, the SuperValu operator, with sales of €4.5bn and partially owned by a prominent Cork family, lobbied the Government for tax breaks for family businesses.

Musgrave chief executive Hugh MacKeown asked for "a more favourable tax regime that supports the longevity of family businesses, during a discussion with the Taoiseach's special adviser.

The contacts came about after MacKeown made a speech last year on the subject, where Enda Kenny had been present.

Musgrave may well have some solid points to make on how legislative change on this issue would benefit a range of family businesses and even the wider economy. The contact shows how senior corporate leaders can get access to key influential people, but in the real world, could it ever be any other way?

That is a simple fact of life and the best way of dealing with it is to have these contacts out in the open.

Aviation leasing group Avolon, founed by Domhnall Slattery and bought out by a Chinese conglomerate, lobbied the Irish government on the benefits of reopening an Irish embassy in Iran's capital, Tehran. After lifting sanctions, enormous trade opportunities, especially in aviation leasing, should open up. Avolon is on record as saying how big the market could become in aviation leasing and has its sights on growing there.

So, it is in Avolon's interest if an Irish government presence is there on the ground. The point is, it might also be beneficial to Ireland. Perhaps the Government might have adopted a wait-and-see approach to the embassy issue but as companies like Avolon, and perhaps others, put pressure on it, re-establishing a diplomatic presence there would make commercial sense.

It is useful to know these contacts take place. Publishing details of them takes a lot of the mystique out of what are basic communications around what governments do.

**Irish Independent Business. Déardaoin, 28 Eanáir 2016.**



# Caibidil 3

## Oibríochtaí

# Caibidil 3 – Oibríochtaí

Ceanglaítear le halt 25(2) den Acht go gcuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar áireamh sa tuarascáil seo:

- Aon chinntí faoi alt 14 a rinneadh nó a bhí i bhfeidhm sa bhliain sin (iarrataí ar fhoilsiú moillithe);
- Aon imscrúduithe faoi alt 19 a rinneadh agus a críochnaíodh sa bhliain sin;
- Aon iarratais ar thoiliú a rinneadh faoi alt 22 (srianta iarfhostaíochta), agus na breitheanna go léir i dtaobh na n-iarratas sin, a rinneadh sa bhliain sin;
- Aon chiontuithe i leith cionta faoi alt 20 sa bhliain sin, agus
- Aon fhógraí íocaíochta seasta a seirbheáladh faoi alt 21 sa bhliain sin.

Ní mór an fhaisnéis sin a thabhairt i bhfoirm nach gcumasaíonn na daoine lena mbaineann a aithint.

## Nósanna imeachta agus próisis achomhairc inmheánacha

Chuir an Coimisiún nósanna imeachta agus prótacail inmheánacha i bhfeidhm chun tacú le breitheanna a thabhairt de réir na bhfreagrachtaí reachtúla atá air faoin Acht agus chun treoir a thabhairt do bhaill foirne maidir leis na freagrachtaí atá orthu a chomhlíonadh ar bhealach cothrom, comhsheasmhach agus éifeachtúil. Chuir an Coimisiún nósanna imeachta agus prótacail i bhfeidhm freisin chun tacú leis an ról imscrúdaitheach agus forfheidhmithe atá aige faoin Acht.

## Cinntí faoi alt 14

Faoi alt 14 den Acht, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh ar mhoill a chur ar fhoilsiú na faisnéise atá ina c(h)lárú nó ina t(h)uairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta i gcás, maidir le haon fhaisnéis a chur ar fáil, go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis:

1. go mbeadh drochéifeacht thromaí ag an gcur ar fáil sin ar leasanna airgeadais an Stáit, ar an ngeilleagar náisiúnta, nó ar leasanna gnó i gcoitinne nó ar leasanna gnó daoine d’aon tuairisc (iarratas arna dhéanamh faoi alt 14(1)(a) den Acht), nó
2. go mbeadh an cur ar fáil sin ina chúis le caillteanas airgeadais ábhartha don duine lena mbaineann an fhaisnéis nó go ndéanfaí dochar mór leis an gcur ar fáil sin do staid iomaíochta an duine sin i seoladh shlí bheatha, ghairm nó ghnó an duine nó do thoradh aon chaibidlí conarthacha nó eile atá á seoladh ag an duine sin (iarratas arna dhéanamh faoi alt 14(1)(b) den Acht).

Má dhéantar iarratas faoi alt 14(1)(a), ceanglaítear ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le haon Aire/Airí iomchuí den Rialtas ina leith. Ní cheanglaítear ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le hAire/Airí más faoi alt 14(1)(b) a dhéantar an t-iarratas.

### Tábla 2: Iarratais ar mhoill a chur ar fhoilsiú sonraí clárúcháin

| Cur síos | Toradh | An líon iarratasóirí |
|---|---|---|
| **An líon iomlán iarratas a fuarthas** | | **7** |
| Cláraíodh de bhotún (mar gheall ar mhíthuiscint ar cheanglais an Achta) | Scriosadh an clárú | 4 |
| Baineadh míbhrí as na forálacha maidir le foilsiú moillithe | Foilsíodh an clárú | 3 |

### Tábla 3: Iarratais ar mhoill a chur ar fhoilsiú tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta

| Cur síos | Toradh | An líon iarratas |
|---|---|---|
| **An líon iomlán iarratas a fuarthas** | | **11** |
| Ceadaíodh an iarraidh ar fhoilsiú moillithe | Cuireadh moill ar an bhfoilsiú | 2 |
| Diúltaíodh don iarraidh ar fhoilsiú moillithe | Foilsíodh na tuairisceáin | 1 |
| Baineadh míbhrí as na forálacha maidir le foilsiú moillithe | Foilsíodh na tuairisceáin | 1 |
| Tarraingíodh na hiarratais siar – níor tugadh aon mhíniú ina leith | Foilsíodh na tuairisceáin | 3 |
| Cuireadh na tuairisceáin isteach de bhotún | Scriosadh na tuairisceáin | 4 |

Is é seo a leanas an scéal maidir leis na trí iarratas ar mhoill a chur ar fhoilsiú tuairisceán a ndearna an Coimisiún cinneadh orthu faoi alt 14 den Acht.

- Measadh gur faoi alt 14(1)(a) agus faoi alt 14(1)(b) araon a rinneadh ceann amháin de na hiarratais. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Aire iomchuí den Rialtas agus bhreithnigh sé tuairimí an Aire ansin. Ba dheimhin leis an gCoimisiún gur comhlíonadh san iarratas na critéir atá leagtha amach in alt 14(1)(b) agus go bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go ndéanfaí le foilsiú na faisnéise a bhí sa tuairisceán dochar mór don toradh ar chaibidlí a bhí á seoladh ag an duine lena mbaineann. Chinn an Coimisiún, mar sin, gur cheart moill a chur ar fhoilsiú na faisnéise a bhí sa tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta ar feadh na huastréimhse sé mhí.

- Measadh gur faoi alt 14(1)(b) a rinneadh an dara hiarratas. Níor ceanglaíodh ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le haon Aire den Rialtas ina leith sin. Ba dheimhin leis an gCoimisiún gur comhlíonadh san iarratas na critéir atá leagtha amach in alt 14(1)(b) agus go bhféadfaí go mbeadh foilsiú na faisnéise a bhí sa tuairisceán ina chúis le caillteanas airgeadais ábhartha don duine lena mbaineann. Chomhaontaigh an Coimisiún moill a chur ar fhoilsiú na faisnéise a bhí sa tuairisceán ar feadh tréimhse trí mhí.

- Measadh gur faoi alt 14(1)(b) freisin a rinneadh an tríú hiarratas. Níor dheimhin leis an gCoimisiún gur comhlíonadh san iarratas na critéir atá leagtha amach in alt 14(1)(b). Níor mheas sé go mbeadh foilsiú na faisnéise a bhí sa tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta ina chúis le caillteanas airgeadais ábhartha don duine lena mbaineann ná go ndéanfaí leis an bhfoilsiú dochar mór don toradh ar chaibidlí a bhí á seoladh ag an duine lena mbaineann. Dá bhrí sin, diúltaíodh don iarratas ar mhoill a chur ar fhoilsiú an tuairisceáin. Ní dhearnadh aon achomharc i gcoinne na breithe agus foilsíodh an tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta.

## Imscrúduithe faoi alt 19 den Acht

Tugtar le halt 19 d'údarás don Choimisiún imscrúduithe a dhéanamh ar sháruithe féideartha ar an Acht. Níor tháinig forálacha alt 19 i bhfeidhm go dtí an 1 Eanáir 2017. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon imscrúduithe faoi alt 19 le linn na bliana 2016.

## Iarratais ar thoiliú faoi alt 22 den Acht

Foráiltear le halt 22 den Acht go mbeidh catagóirí sonracha d'OPAanna (Airí den Rialtas, Airí Stáit, comhairleoirí speisialta agus seirbhísigh phoiblí shinsearacha arna bhforordú chun críocha alt 6(1) den Acht) faoi réir tréimhse mharana aon bhliana. Is tréimhse é sin ar lena linn nach bhféadfaidh siad gabháil do ghníomhaíochtaí brústocaireachta in imthosca sonracha agus nach bhféadfaidh siad bheith fostaithe ag duine, ná nach soláthróidh siad seirbhísí do dhuine, a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta. Is ionann an tréimhse mharana agus an tréimhse aon bhliana amháin dar tosach an lá a scoir an duine de bheith ina (h)OPA.

Is iad na himthosca lena mbaineann alt 22 den Acht aon imthosca inarb amhlaidh, maidir leis na cumarsáidí a dhéanamh arb ionann iad agus gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh:

1. go bhfuil baint acu le haon chomhlacht seirbhíse poiblí lena raibh an duine fostaithe nó lena raibh oifig nó post eile ina s(h)eilbh sa bhliain sular fhág sé/sí an comhlacht, nó

2. gur chuig duine a bhí ina (h)OPA freisin agus a bhí fostaithe nó a raibh oifig nó post eile ina s(h)eilbh leis an gcomhlacht seirbhíse poiblí sin sa bhliain sular fhág sé/sí an comhlacht.

Féadfaidh duine atá faoi réir na tréimhse mharana aon bhliana iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún go ndéanfaí an tréimhse mharana a laghdú nó a tharscaoileadh. Agus iarratais ar thoiliú faoi alt 22 den Acht á mbreithniú aige, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an iarratasóir, lena f(h)ostóir roimhe, lena f(h)ostóir ionchasach (nó leis an duine dá mbeartaíonn sé/sí seirbhísí a sholáthar) agus le haon duine eile is cuí leis an gCoimisiún. D'fhéadfadh go mbreithneodh an Coimisiún na nithe seo a leanas freisin:

- an ról atá ag an duine mar oifigeach poiblí ainmnithe agus na freagrachtaí a ghabhann leis an ról sin;

- an ról beartaithe atá ag an duine ina f(h)ostaíocht nua nó ina c(h)onradh nua chun seirbhísí a sholáthar agus na freagrachtaí a ghabhann leis an ról sin;

- aon bhaint a bhí ag an duine roimhe seo lena f(h)ostóir ionchasach nó le cliaint de chuid a f(h)ostóra ionchasaigh;

- fad ama na tréimhse iomchuí dá bhfuil an tarscaoileadh á iarraidh;

- na bearta, más ann dóibh, a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go leormhaith go gcomhlíonfar cuspóirí an Achta, agus

- cé acu atá nó nach bhfuil cur i bhfeidhm an Achta ag cur isteach go míchuí ar an gcumas chun beatha a shaothrú.

Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh toiliú gan choinníoll a thabhairt le laghdú na tréimhse marana nó le tarscaoileadh na tréimhse marana nó féadfaidh sé coinníollacha a chur ag gabháil leis an toiliú. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh diúltú do thoiliú a thabhairt i leith iomlán na tréimhse marana ná i leith aon choda di.

Faoi alt 23 den Acht, is amhlaidh, maidir le haon duine arb éagóir leis/léi breith ón gCoimisiún faoi alt 22, go bhféadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe ón gCoimisiún. Chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe painéil oifigeach achomhairc neamhspleách ar bun chun achomhairc den sórt sin a éisteacht. Faoi alt 23, tarchuirfear an t-achomharc chuig oifigeach achomhairc neamhspleách, ar duine é/í a fhéadfaidh seasamh le breith ón gCoimisiún nó an bhreith a aisiompú agus breith eile a chur ina háit.

## Iarratais ar thoiliú a fuarthas sa bhliain 2016

Fuair an Coimisiún dhá iarratas ar thoiliú faoi alt 22 den Acht le linn na bliana 2016.

### Cás Uimh. 1

Bhíodh an t-iarratasóir ina chomhairleoir speisialta i Roinn Rialtais agus bhí sé ag iarraidh go mbeadh sé fostaithe le cuideachta ar an gClár a sheol gníomhaíochtaí brústocaireachta roimhe sin leis an Roinn lena mbaineann. D'iarr an t-iarratasóir go dtarscaoilfí na ocht mí dheireanacha den tréimhse mharana ionas go bhféadfadh sé dul i mbun na fostaíochta sin.

Bhí an Coimisiún sásta tarscaoileadh a dheonú i leith na ocht mí dheireanacha den tréimhse mharana. Bhí an tarscaoileadh faoi réir roinnt coinníollacha, áfach, agus é mar aidhm leo a chinntiú nach bhféadfadh an duine gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh sna himthosca atá leagtha amach in alt 22.

Ní bhfuarthas aon achomharc sa chás ar leith seo.

### Cás Uimh. 2

Bhíodh an t-iarratasóir ina oifigeach poiblí ainmnithe in údarás áitiúil agus bhí sé ag iarraidh dul i mbun post fostaíochta le cuideachta ar an gClár a sheol gníomhaíochtaí brústocaireachta roimhe sin leis an údarás áitiúil lena mbaineann. D'iarr an t-iarratasóir go laghdófaí an tréimhse mharana 12 mhí go tréimhse aon mhí.

Bhí an Coimisiún den tuairim nach mbeadh deonú an tarscaoilte a bhí á iarraidh ag an iarratasóir ag teacht le cuspóirí an Achta. Bhí sé den tuairim nach mbeadh sé sin chun leas an phobail ach oiread. Thug an Coimisiún aird ar an bhfíric go raibh an duine ag iarraidh dul i mbun fostaíochta beagnach láithreach tar éis dó a phost roimhe a fhágáil. Bhí an Coimisiún den tuairim gurbh é sin an cineál beacht cúinse a bhfuil sé mar aidhm le forálacha alt 22 é a rialú. Mheas an Coimisiún gur cheart don iarratasóir tréimhse mharana ocht mí a chur isteach ar mhaithe le cuspóirí alt 22 a chomhlíonadh. Bhí an Coimisiún sásta na ceithre mhí dheireanacha den tréimhse mharana a tharscaoileadh faoi réir coinníollacha áirithe.

Rinne an t-iarratasóir achomharc i gcoinne na breithe ón gCoimisiún ansin. Tarchuireadh an t-achomharc chuig oifigeach achomhairc neamhspleách. Rinne an t-oifigeach achomhairc an bhreith ón gCoimisiún a chúlghairm agus chuir sé breith nua ina háit. Foráladh leis an mbreith sin d'iomlán na tréimhse marana a tharscaoileadh faoi réir coinníollacha áirithe. Mar sin, bheadh an t-iarratasóir in ann dul i mbun fostaíochta leis an gcuideachta láithreach.

Bhí an Coimisiún den tuairim go ndearna an t-oifigeach achomhairc botún dlí maidir le léirmhíniú agus le cur i bhfeidhm alt 22. Go háirithe, bhí an Coimisiún den tuairim gur mhainnigh an t-oifigeach achomhairc an toirmeasc reachtúil a fhorchuirtear le halt 22 a thuiscint go dóthanach agus/nó gur mhainnigh sé ualach dóthanach a thabhairt don toirmeasc sin toisc nár chaith sé leis an tréimhse mharana 12 mhí mar ghnáthnós i gcás go ndéantar iarratas ar thoiliú. Rinne an Coimisiún achomharc in aghaidh na breithe ón oifigeach achomhairc chuig an Ard-Chúirt faoi alt 24 den Acht.

Chomhaontaigh an Coimisiún agus an t-iarratasóir ina dhiaidh sin gur cheart tréimhse mharana sé mhí a chur i bhfeidhm i leith na sé mhí a bhí fágtha, faoi réir coinníollacha áirithe. Ar mhaithe leis an gcomhaontú sin a léiriú, rinne an Ard-Chúirt ordú le toiliú ansin lenar cuireadh an bhreith ón oifigeach achomhairc ar neamhní agus lenar athraíodh an bhreith bhunaidh ón gCoimisiún.

## Ciontuithe i leith cionta faoi alt 20 den Acht

Tháinig forálacha alt 20 i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2017. Dá bhrí sin, ní raibh aon chiontuithe ann i leith cionta faoi alt 20 den Acht le linn na bliana 2016.

## Fógraí Íocaíochta Seasta a seirbheáladh faoi alt 21 den Acht

Foráiltear le halt 21 go bhféadfaidh an Coimisiún Fógra Íocaíochta Seasta (FÍS) a sheirbheáil ar dhuine a chuir tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach go déanach. Níor tháinig forálacha alt 21 i bhfeidhm go dtí an 1 Eanáir 2017. Dá bhrí sin, níor seirbheáladh aon FÍS faoi alt 21 le linn na bliana 2016.



# Caibidil 4

## Cumarsáid agus For-rochtain

# Caibidil 4 – Cumarsáid agus For-rochtain

Rinneadh straitéis fhairsing cumarsáide agus for-rochtana a fhorbairt agus a chur chun feidhme le linn na bliana 2015, agus é mar aidhm léi a chinntiú go mbeadh gach duine a bhfuil oibleagáidí orthu faoin Acht nua nó a bhfuil leas acu san Acht nua ar an eolas faoi fhorálacha an Achta.

I measc na ngníomhaíochtaí for-rochtana ar tugadh fúthu bhí láithreoireachtaí éagsúla a soláthraíodh do ghrúpaí geallsealbhóirí ar fud na hÉireann, lenar áiríodh gnóthais, cumainn, carthanais agus oifigigh phoiblí ainmnithe, agus in áiteanna eile.

Trí anailís a dhéanamh ar na h-iarratais ar chlárú agus ar na tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a fuarthas sa chéad cheithre thréimhse tuairisceán, bhí an Coimisiún in ann sainaithint a dhéanamh ar cheantair gheografacha agus ar earnálacha gnó ina bhféadfadh gur ghá dul i mbun tuilleadh gníomhaíochtaí for-rochtana spriocdhírithe ar mhaithe le feasacht faoin Acht a mhéadú. Le linn na bliana 2017, tabharfaidh an Coimisiún faoi chlár for-rochtana spriocdhírithe chun a chinntiú go mbeidh daoine i réimsí agus in earnálacha atá faoi ghannionadaíocht ar an gClár ar an eolas go hiomlán faoi cheanglais an Achta.

## Uirlisí faisnéise agus acmhainní

Tugtar le halt 17 den Acht d'údarás don Choimisiún treoir a eisiúint agus faisnéis a chur ar fáil chun feasacht faoin Acht agus tuiscint air a chur chun cinn. D'fhoilsigh an Coimisiún sraith treoirlínte cheana féin, atá sainoiriúnaithe do pháirtithe éagsúla a bhfuil leas acu san Acht. Tá na treoirlínte sin foilsithe ar an suíomh Gréasáin. Coinnítear iad faoi athbhreithniú agus nuashonraítear iad de réir mar is gá.

Tá doiciméad Ceisteanna Coitianta ar fáil ar an suíomh Gréasáin freisin. Pléitear sa doiciméad sin le réimsí sonracha den reachtaíocht. Tá sé bunaithe ar fhreagraí ón gCoimisiún ar cheisteanna a tháinig chun cinn agus ar léirmhíniú an Achta in imthosca fíorshaoil. Nuashonraítear an doiciméad Ceisteanna Coitianta go rialta chun treoir ón gCoimisiún maidir le hábhair ar leith a chur leis agus leanfar ar aghaidh leis an doiciméad a fhorbairt amach anseo.

Foilsíodh raon faisnéise cabhrach eile ar an suíomh Gréasáin chomh maith, lenar áiríodh tuairisceáin shamplacha, físeáin treorach, agus Tástáil Trí Chéim, lena gcabhraítear le daoine a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht a bhfuil siad ag gabháil di ina gníomhaíocht brústocaireachta.

## An Grúpa Comhairleach ar Bhrústocaireacht a Rialáil

Chuir an tAire Grúpa Comhairleach ar Bhrústocaireacht a Rialáil ar bun sa bhliain 2015. Chuir an Grúpa sin ionchur luachmhar ar fáil le linn an Clár ar líne a fhorbairt agus le linn straitéisí cumarsáide agus ábhair faisnéise a cheapadh. Ag an gcruinniú dá chuid i mí na Samhna 2016, chinn an Grúpa Comhairleach gur éirigh leis gach ceann dá phríomhchuspóirí a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, beidh gníomhaíochtaí an Ghrúpa ar fionraí go dtí gur gá dul i gcomhairle leis an athuair.



# Caibidil 5

## Príomh-Shaincheisteanna sa bhliain 2016 agus na Chéad Chéimeanna Eile

# Caibidil 5 – Príomh-Shaincheisteanna sa bhliain 2016 agus na chéad chéimeanna eile

## Ullmhúchán do thosach feidhme Chuid 4 den Acht – Forálacha Forfheidhmithe

### Tosach feidhme Chuid 4

D'fhógair an tAire i mí Iúil 2016 go dtiocfadh Cuid 4 den Acht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017. Tugtar leis na forálacha atá i gCuid 4 d'údarás don Choimisiún sáruithe iomchuí ar an Acht a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus FÍSanna a ghearradh i leith tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chomhdú go déanach.

Foráiltear le halt 20(2) den Acht gur cion é mainneachtain clárú nó mainneachtain tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach. Foráiltear le halt 20(1) den Acht gur cion é tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach go déanach. Foráiltear le halt 21(1) den Acht go bhféadfar FÍS €200 a sheirbheáil ar aon duine nach gcuireann tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach in am.



**150 agriculture-related lobbying actions recorded**

ÁINE HENNESSY
ONLINE JOURNALIST
ahennessy@farmersjournal.ie

Farm groups are among the organisations declaring contacts with officials under new legislation on the public disclosure of lobbying activities.

The Regulation of Lobbying Act 2015, which came into effect in Ireland on 1 September 2015, requires those who lobby public officials to register and report on their political lobbying activities online at lobbying.ie.

The Irish Farmers Association (IFA), the Irish Cattle and Sheep Farmers Association (ICSA), the Irish Co-operative Organisation Society Ltd (ICOS), Macra na Feirme and the Irish Creamery Milk Suppliers Association (ICMSA) have all submitted their returns in time for last Friday's deadline for lobbying conducted between September and December 2015.

**What did the farm organisations ask for?**

**The IFA:** The IFA registered a massive 117 lobbying events. It lobbied various government departments and TDs on everything from flood defences to the Beef Data and Genomics Programme (BDGP) to hedgecutting to rural crime to supports for the sheep and tillage sectors.

**The ICSA:** The ICSA lodged a total of 14 lobbying events. It lobbied on issues such as the Galway Greenway cycle route, land eligibility, cross-compliance as well as permanent monitoring in meat processors.

**The ICMSA:** The ICMSA had 16 lobbying events. It lobbied on issues relating to TAMS, GLAS and Knowledge Transfer schemes, and improved compensation for farmers affected by TB to reflect actual income losses suffered.

**Macra na Feirme:** Macra registered six lobbying events. It lobbied on supports for older young farmers, and the eligibility for GLAS and the scheme's design to become relevant to young farmers.

**ICOS:** ICOS too has six lobbying events registered. It lobbied for the introduction of an income deferral scheme for dairy farmers, enhanced EU support measures, and greater uptake of fixed milk price schemes.

Irish Farmers Journal. Dé Sathairn, 30 Eanáir 2016.

## Breith i ndáil le tuairisceáin dhéanacha a fuarthas do thréimhsí iomchuí roimhe

Na forálacha forfheidhmithe a bhaineann le mainneachtain tuairisceáin a chur isteach nó le tuairisceáin dhéanacha, beidh feidhm acu maidir le cláruithe agus le tuairisceáin a bheidh dlite faoin gcéad spriocdháta tar éis theacht i bhfeidhm na bhforálacha forfheidhmithe (an 21 Eanáir 2017). Maidir le haon duine a sheol gníomhaíocht brústocaireachta sa tréimhse iomchuí idir an 1 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig 2016 agus nár chláraigh nó nár chuir tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach faoin 21 Eanáir 2017, beidh sé faoi réir na gcionta agus na bpionós a fhorchuirfear i leith tuairisceáin dhéanacha agus i leith mainneachtain tuairisceáin a chur isteach.

Bhreithnigh an Coimisiún cé acu ba cheart nó nár cheart tuairisceáin dhéanacha a fuarthas tar éis an 1 Eanáir 2017 i leith tréimhse iomchuí roimhe (i.e. an 1 Meán Fómhair – an 31 Nollaig 2015; an 1 Eanáir 2016 – an 30 Aibreán 2016, agus an 1 Bealtaine 2016 – an 31 Lúnasa 2016) a chur faoi réir an FÍS.

Bhí sé ráite arís agus arís eile ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag an gCoimisiún araon nach dtiocfadh na forálacha forfheidhmithe i bhfeidhm go dtí go rachadh bliain iomlán thart ó thosach feidhme an Achta. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh daoine na gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheol siad le linn na chéad bhliana d'oibriú an Achta a thaifeadadh gan aon eagla go bhforchuirfí smachtbhanna orthu. Tháinig an Coimisiún ar an tuairim nach mbeadh sé cuí ná comhsheasmhach leis an seasamh a leagadh amach roimhe sin tosú ar smachtbhannaí a fhorchur i leith gníomhaíochtaí a seoladh sna luath-thréimhsí iomchuí.

## Próisis agus nósanna imeachta a fhorbairt

Chuir an Coimisiún Aonad Gearán agus Imscrúduithe ar leith ar bun chun bainistiú a dhéanamh ar gach imscrúdú agus ionchúiseamh a thagann chun cinn faoin Acht. Chomh maith leis sin, d'fhorbair an Coimisiún nósanna imeachta chun déileáil le mainneachtain tuairisceáin a chur isteach agus le tuairisceáin dhéanacha. D'éirigh le baill foirne an Choimisiúin na próisis agus na nósanna imeachta sin a chuimsiú sa chóras ar líne, agus iad ag obair i gcomhar le Dovetail Technologies Ltd., a d'fhorbair an córas clárúcháin ar líne. D'éirigh leo forbairt a dhéanamh ar chóras chun FÍSanna a eisiúint, a íoc agus a riar ar líne freisin.

Eisítear FÍS go huathoibríoch chuig aon duine a chuireann tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach go déanach. Féadfaidh an Coimisiún aon duine a ionchúiseamh i leith tuairisceán a chur isteach go déanach i gcás nach n-íocfaidh an duine an íocaíocht seasta faoin dáta atá sonraithe sa FÍS. I gcás go dtionscnóidh an Coimisiún ionchúiseamh faoi alt 20(1) den Acht, dlífear, ar é/í a chiontú, fíneáil nach mó ná €2,500 a chur ar an duine.

## Fógra a thabhairt do chláraithe maidir le tosach feidhme na bhforálacha forfheidhmithe

Maidir le líon suntasach daoine aonair agus eagraíochtaí a chláraigh i gcéad bhliain an Achta, mhainnigh siad ina dhiaidh sin tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach do thréimhse iomchuí amháin nó níos mó. Le linn mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2016, rinne an tAonad um Brústocaireacht a Rialáil teagmháil le formhór na gcláraithe sin chun iad a chur ar an eolas faoi thosach feidhme na bhforálacha forfheidhmithe agus faoin gceanglas atá ann tuairisceáin (tuairisceáin nialasacha san áireamh) a chur isteach faoin dáta iomchuí.

Eisíodh ríomhphost den chineál céanna chuig gach cláraí ina dhiaidh sin i mí na Samhna 2016. D'eisigh an Coimisiún tuilleadh meabhrúchán le ríomhphost chuig gach cláraí roimh dheireadh na tréimhse iomchuí (an 31 Nollaig 2016) agus roimh an spriocdháta le haghaidh tuairisceán (an 21 Eanáir 2017). Ba sna meabhrúcháin sin a tugadh fógra don chláraí maidir leis an spriocdháta le haghaidh tuairisceán a bhí le teacht agus maidir le tosach feidhme na bhforálacha forfheidhmithe an 1 Eanáir 2017. Luadh sna meabhrúcháin go n-eiseofaí FÍS chuig aon duine a chuirfeadh tuairisceán isteach tar éis an 21 Eanáir 2017.

Níl aon amhras ann go dtiocfaidh roinnt dúshlán chun cinn sa bhliain atá romhainn mar gheall ar thabhairt isteach na bhforálacha forfheidhmithe agus na smachtbhannaí i leith mainneachtain tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach agus i leith tuairisceáin dhéanacha. Oibreoidh an Coimisiún chun a chinntiú gurb amhlaidh, maidir leis na próisis agus na nósanna imeachta a bunaíodh chun na forálacha forfheidhmithe a riar, agus maidir leis an gcóras ar líne é féin, go leanfaidh siad ag tacú go héifeachtach le riar an Achta. Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh leis na próisis, na nósanna imeachta agus na córais sin a bheachtú agus a fhorbairt de réir mar is gá.

## Cáilíocht na faisnéise arna cur isteach chuig an gClár


I gcás fhormhór na ndaoine a gceanglaítear orthu clárú agus tuairisceáin a chur isteach, leanann siad ar aghaidh le freagairt go dearfach don Acht agus do na hoibleagáidí a ghabhann leis. Ba bheag deacracht a bhí ag formhór na ndaoine sin agus iad ag clárú agus ag cur tuairisceán isteach chuig an gClár ar líne.

Mar a luadh níos luaithe sa tuarascáil seo, bhí níos mó ná 1,500 iarratas ar chlárú faighte agus bhí 11,000 tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta curtha isteach chuig an gClár ó thosach feidhme an Achta. Níl aon ról ag an gCoimisiún maidir le hiarratais ar chlárú ná tuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a scrúdú sula bhfoilsítear iad sa Chlár. Tá sé de fhreagracht ar an gcláraí a chinntiú gur i gcomhréir go hiomlán leis an Acht atá an fhaisnéis a chuireann sé/sí isteach.

Tá ról ag an gCoimisiún, áfach, maidir lena chinntiú nach bhfuil faisnéis atá sa Chlár míchruinn ná míthreorach. Is eol don Choimisiún gurb amhlaidh, i gcásanna áirithe, nach bhfuil cáilíocht na faisnéise atá i dtuairisceáin maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta mar is cheart dó a bheith. Mar gheall ar a dhoiléire atá an fhaisnéis a thugtar ó am go ham, caitear amhras ar an gceist maidir le cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon an duine na hoibleagáidí atá air/uirthi faoin Acht go hiomlán.

Foráiltear le halt 10(5) den Acht go bhféadfaidh duine fógra a thabhairt don Choimisiún i gcás go measann sé/sí go bhfuil faisnéis atá sa Chlár míchruinn nó míthreorach. I gcás go gcuirtear in iúl don Choimisiún go bhfuil an fhaisnéis atá i dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta mícheart nó míthreorach (cibé acu trí thuairisc a thugtar faoi alt 10(5) den Acht nó trí thuairisc a thugtar ar shlí eile), déanfaidh an Coimisiún aon fhiosruithe atá riachtanach.

D'fhonn feabhas a chur ar chomhlíonadh maidir le cáilíocht na faisnéise atá i dtuairisceáin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún iniúchadh randamach a dhéanamh sa bhliain 2017 ar thuairisceáin a cuireadh isteach chuig an gClár. Má fhaigheann sé amach go bhfuil an fhaisnéis atá i dtuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta mícheart nó míthreorach nó nach bhfuil sách sonraí inti, féadfaidh an Coimisiún leas a bhaint as na cumhachtaí atá aige faoi alt 13 chun iarraidh ar an gcláraí an tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a bhaint nó a cheartú, de réir mar is cuí. Mura ndéantar an fhaisnéis a cheartú nó a bhaint, féadfaidh an Coimisiún, faoi alt 13(3), an fhaisnéis a bhaint láithreach den Chlár.



# Enforcement provisions for Regulation of Lobbying Act 2015

**Minister for Public Expenditure and Reform, Paschal Donohoe T.D., has signed the Commencement Order for the enforcement provisions for the Regulation of Lobbying Act 2015. The enforcement provisions will take effect from 1st January 2017.**

The decision to delay commencing the enforcement provisions until 2017 was made to allay any concerns that stakeholders may have had about inadvertent non-compliance with the provisions of the Act and to allow those lobbying a period of time to become familiar with their legal obligations and the registration system.

Minister Donohoe said: 'Given the success of the system, and the high levels of compliance, it is my intention to commence these provisions from January 1st 2017. It is clear that the work undertaken by my Department and the Standards in Public Office Commission (SIPO) in building awareness and understanding of the Regulation of Lobbying Act has been effective and I am confident that this momentum will be maintained as this work continues.'

The Register, which may be viewed at www.lobbying.ie, is overseen by the Standards Commission. The website, which includes the online register, also has a suite of information tools designed to help lobbyists, designated public officials and the public to fully understand the Act and its obligations.

**The Public Sector Times. Dé Céadaoin, 3 Lúnasa 2016.**

Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, i gcás go ndéanann an Coimisiún iarratas ar chlárú nó tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a bhaint den Chlár faoi alt 13, go measfar nach ndearna an duine lena mbaineann an t-iarratas ar chlárú nó nár chuir sé/sí an tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta isteach riamh. Má bhaintear faisnéis den Chlár faoi alt 13, mar sin, d'fhéadfadh go mbeadh iarmhairtí ann do dhuine i ndáil le smachtbhannaí i leith mainneachtain tuairisceáin a chur isteach nó i leith tuairisceáin dhéanacha.

Dá bhrí sin, tá sé de fhreagracht ar dhuine atá ag déanamh iarratas ar chlárú é/í féin a shásamh go dtagann sé/sí faoi raon feidhme an Achta agus gur sheol sé/sí gníomhaíocht brústocaireachta mar atá sainithe san Acht.
Mar a luadh i gCaibidil 2 bhí sé soiléir, le linn gníomh leantach a dhéanamh i leith cláraithe a mhainnigh tuairisceáin a chur isteach, nár ghá do líon suntasach díobh clárú sa chéad áit.

Le linn an chéad dá thréimhse tuairisceán, fuarthas níos mó ná 1,200 iarratas ar chlárú. Mar gheall ar an líon sin, ní bheadh an Coimisiún in ann a sheiceáil le gach cláraí cé acu a bhí nó nach raibh ceangal air/uirthi clárú ar chor ar bith. B'ísle i bhfad an líon iarratas nua ar chlárú a fuarthas le linn an tríú agus an ceathrú tréimhse clárúcháin ná an líon a fuarthas sa chéad dá thréimhse clárúcháin, rud a rabhthas ag súil leis. De réir mar a laghdaíonn an líon cláraithe nua, cumasófar don Choimisiún tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar na h-iarratais nua ar chlárú a bhíonn á bhfáil. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún obair le gach cláraí nua sa bhliain 2017 chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas go hiomlán faoi cheanglais an Achta agus gur deimhin leo go bhfuil ceangal orthu clárú. Meastar go gcinnteoidh sé sin nach mbeidh ar an gClár ach na daoine sin a bhfuil ceangal orthu bheith cláraithe.

### Cód Iompair

Foráiltear le halt 16 den Acht go bhféadfaidh an Coimisiún *"cód iompair a tháirgeadh do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta, agus é a athbhreithniú ó am go ham, d'fhonn ardchaighdeáin ghairmiúla agus dea-chleachtas a chur chun cinn".* Mar gheall ar thosach feidhme na bhforálacha forfheidhmithe le déanaí, tá an tAcht i bhfeidhm go hiomlán anois. Is é tuairim an Choimisiúin go bhfuil sé tábhachtach gan tabhairt faoi Chód Iompair a fhorbairt go dtí go mbeidh na forálacha uile dea-bhunaithe. Dá réir sin, féachfaidh an Coimisiún le tús a chur le taighde agus le comhairliúcháin ar fhorbairt an Chóid faoi dheireadh na bliana 2017.

## Athbhreithniú ar oibriú an Achta um Brústocaireacht a Rialáil

### Ceanglais alt 2 den Acht

Foráiltear le halt 2 den Acht go ndéanfaidh an tAire athbhreithniú ar oibriú an Achta roimh dheireadh gach "tréimhse iomchuí". Thosaigh an chéad "tréimhse iomchuí" 12 mhí tar éis thosach feidhme an Achta. Ceanglaítear athbhreithniú a dhéanamh gach trí bliana ina dhiaidh sin.

Ní mór don Aire tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin ina n-áireofar an Coimisiún, daoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta agus comhlachtaí atá ionadaitheach dóibh agus aon daoine eile is cuí leis an Aire. Ní mór aird a thabhairt san athbhreithniú ar aon tuarascáil iomchuí ó Choiste Oireachtais freisin. Tar éis an athbhreithnithe, féadfaidh an tAire breithniú a dhéanamh ar leasuithe féideartha ar an Acht.

Ní mór don Aire tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais ar thoradh an athbhreithnithe agus ar aon mholtaí maidir le leasuithe ar an Acht. Ní mór an tuarascáil a thabhairt laistigh de sú mhí ó dheireadh na "tréimhse iomchuí".

### An Chéad Athbhreithniú

Sheol an tAire an próiseas athbhreithnithe an 31 Lúnasa 2016. Rinne an Coimisiún aighneacht fhairsing chuig an athbhreithniú, rud a bhí bunaithe ar an eispéireas a bhí aige sa chéad bhliain inar riar sé an tAcht. Moladh roinnt athruithe san aighneacht ón gCoimisiún, arbh athruithe iad, i dtuairim an Choimisiúin, lena neartófaí an tAcht agus lena gcabhrófaí leis an Acht a shoiléiriú dá gcuirfí chun feidhme iad. Ba iad seo a leanas roinnt de na moltaí a rinne an Coimisiún:

i. ba cheart comhlachtaí ionadaitheacha a bhfuil níos lú ná fostaí lánaimseartha amháin acu a thabhairt faoi raon feidhme an Achta. Ba cheart comhghuaillíochtaí neamhfhoirmiúla comhlachtaí a thabhairt faoina raon feidhme freisin.

ii. maidir le heagraíocht a thagann faoi raon feidhme an Achta, ba cheart aon ghníomhaíochtaí brústocaireachta a sheolann duine a bhfuil oifig ina s(h)eilbh san eagraíocht sin (mar shampla, Cathaoirleach nó comhalta den bhord stiúrthóirí) - ar gníomhaíochtaí iad a sheoltar thar ceann na heagraíochta sin - ba cheart iad a áireamh sa tuairisceán maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta ón eagraíocht, is cuma cé acu a íoctar nó nach n-íoctar luach saothair leis an duine a dhéanann an chumarsáid.

iii. ba cheart an liosta oifigeach poiblí ainmnithe a leathnú chun go n-áireofaí leis baill foirne shinsearacha i mórchomhlachtaí poiblí nach bhfuil aon oifigigh ainmnithe acu faoi láthair. Ba cheart é sin a dhéanamh sula leathnófaí an liosta chuig leibhéil níos ísle sa Státseirbhís.

**iv.** ba cheart sárú ar fhorálacha alt 22(1) den Acht i ndáil leis an tréimhse "mharana" a áireamh mar shárú iomchuí in alt 18 den Acht.

**v.** ba cheart an t-údarás a bheith ag an gCoimisiún tuarascálacha a fhoilsiú ar aon imscrúduithe a rinneadh faoi alt 19 den Acht.

**vi.** ba cheart ceangal a chur ar oifigigh phoiblí ainmnithe diúltú do thuilleadh cruinnithe a thionól le daoine i gcás gurb eol don oifigeach poiblí ainmnithe gur mhainnigh an duine tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta roimhe seo. Chomh maith leis sin, ba cheart an t-údarás a bheith ag an gCoimisiún treoir a thabhairt d'oifigeach poiblí ainmnithe diúltú do thuilleadh teagmhála a dhéanamh le duine a ciontaíodh i leith sárú iomchuí.

Tá an aighneacht ón gCoimisiún tugtha mar Aguisín 2 a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Foilsíodh tuarascáil an Aire maidir le torthaí an athbhreithnithe reachtaigh ar shuíomh Gréasáin na Roinne an 2 Bealtaine 2017. Thug an Roinn an méid seo a leanas faoi deara sa phreaseisiúint uaithi inar fógraíodh foilsiú na tuarascála: *"mar gheall ar an tréimhse ghairid a chuaigh thart ó thosach feidhme an Achta, bheadh sé stuama tuilleadh ama a thabhairt chun go mbeidh an córas in ann é féin a bhunú agus chun tuilleadh fianaise a bhailiú agus a mheasúnú ar oibriú an Achta…ní mholtar go ndéanfaí aon leasú ar an Acht ag an am seo."*

Is cúis díomá don Choimisiún nár glacadh le ceann ar bith de na leasuithe a mhol sé. Cé go n-aontaíonn an Coimisiún go bhfuil an tAcht á oibriú go maith den chuid is mó, tá sé den tuairim go mbeifí in ann an tAcht a neartú agus a shoiléiriú tuilleadh dá gcuirfí na leasuithe a mhol sé san aighneacht uaidh chun feidhme. Tá an chéad athbhreithniú eile sceidealta don bhliain 2019. Féachfaidh an Coimisiún air sin mar dheis eile chun iniúchadh a dhéanamh ar aon saincheisteanna a bhaineann le riar an Achta.

Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh le sainaithint a dhéanamh ar na deiseanna atá ann feasacht faoin Acht agus tuiscint air a mhéadú ar mhaithe le comhlíonadh a chur chun cinn. Agus riar éifeachtach an Achta á chinntiú aige, féachfaidh an Coimisiún le trédhearcacht agus le dea rialachas a chothú sa saol poiblí in Éirinn.



# Aguisíní

# Aguisín 1: An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí – feidhmeanna reachtacha

Tá ról maoirseachta ag an gCoimisiún faoi cheithre phíosa reachtaíochta ar leith, is iad sin:

- an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, arna leasú leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 (na hAchtanna um Eitic);
- an tAcht Toghcháin, 1997, arna leasú (na hAchtanna Toghcháin);
- an tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2014 (an tAcht um Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte); agus
- an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

## Forbhreathnú ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015

### Forbhreathnú Ginearálta

Foráiltear leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (an tAcht), go ndéanann duine a thagann faoi raon feidhme an Achta *cumarsáid iomchuí* (go bhfuil sé/sí ag déanamh brústocaireachta) i gcás go ndéanann sé/sí cumarsáid le h*Oifigeach Poiblí Ainmnithe* maidir le *ní iomchuí*. Ní mór d'aon duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta clárú agus tuairisceáin rialta ar líne maidir lena g(h)níomhaíochtaí brústocaireachta a chur isteach.

Leagtar amach in alt 5(1) agus (2) den Acht na catagóirí duine a thagann faoi raon feidhme an Achta, is iad sin:

- duine ag a bhfuil níos mó ná deichniúr fostaithe lánaimseartha;
- comhlacht ionadaitheach ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó, i gcás go ndéantar na cumarsáidí iomchuí thar ceann aon duine de na comhaltaí;
- comhlacht tathanta ag a bhfuil fostaí lánaimseartha amháin nó níos mó, i gcás go mbaineann na cumarsáidí iomchuí le haon cheann de na saincheisteanna sin;
- aon duine (duine aonair nó eagraíocht) atá ag déanamh "cumarsáid iomchuí" faoi thalamh a fhorbairt nó a chriosú i gcás nach ionann an talamh sin agus a p(h)ríomháit chónaithe, agus
- "brústocaire gairmiúil" a fhaigheann íocaíocht as gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh thar ceann duine a thagann faoi cheann amháin de na catagóirí duine thuas.

Áirítear le hOPAnna Airí den Rialtas agus Airí Stáit, Comhaltaí de Dháil Éireann agus de Sheanad Éireann, Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa do thoghlaigh in Éirinn, agus Comhaltaí d'údaráis áitiúla. Áirítear le hOPAanna freisin comhairleoirí speisialta agus na státseirbhísigh agus na seirbhísigh phoiblí is sinsearaí arna n-ainmniú mar oifigigh phoiblí ainmnithe le hOrdú ón Aire.

Is é is ní iomchuí ann aon ní a bhaineann le haon bheartas poiblí nó le haon chlár poiblí a thionscnamh, a fhorbairt nó a mhodhnú, le hachtachán a ullmhú, nó le dámhachtain aon deontais, iasachta nó tacaíochta airgeadais eile, aon chonartha nó comhaontaithe eile, nó aon cheadúnais nó údaraithe eile lena ngabhann cistí poiblí. Is cumarsáidí iomchuí iad nithe a bhaineann le criosú talún agus le forbairt talún freisin.

Foráiltear le halt 5(5) den Acht do roinnt díolúintí maidir le cumarsáidí a meastar gur cumarsáidí iomchuí iad.

## An Clár

Is córas gréasánbhunaithe atá sa Chlár é féin. Tá an suíomh gréasáin www.lobbying.ie ar an ionad céadfhreastail d'aon duine atá ag iarraidh clárú, tuairisceáin a chur isteach nó faisnéis a chuardach faoi bhrústocaireacht a rialáil. Mar aon leis an gClár a óstáil, cuimsítear ar an suíomh gréasáin uirlisí faisnéise agus treorach lena mínítear na próisis le haghaidh clárú agus tuairisceáin a chur isteach.

Ní ghearrtar aon chostas i leith clárú, tuairisceáin a chur isteach ná teacht ar an bhfaisnéis atá ar fáil sa Chlár. Cé go bhfuil sé de fhreagracht ar an gCoimisiún maoirseacht a dhéanamh ar bhunú agus ar chothabháil an Chláir, bíonn ábhar an Chláir faoi réir na faisnéise a thugtar i sonraí clárúcháin na gcláraithe agus sna tuairisceáin a chuireann siad isteach.

Ní mór d'aon duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht brústocaireachta clárú agus tuairisceáin a chur isteach trí huaire in aghaidh na bliana, ina gcuimsítear na "tréimhsí iomchuí" forordaithe (an 1 Eanáir – an 30 Aibreán, an 1 Bealtaine – an 31 Lúnasa, agus an 1 Meán Fómhair – an 31 Nollaig). Ní mór na tuairisceáin a chur isteach faoi na "dátaí iomchuí" forordaithe faoi seach (an 21 Bealtaine, an 21 Meán Fómhair agus an 21 Eanáir faoi seach).

Ní mór na nithe seo a leanas a léiriú sa tuairisceán: cé hé/hí a ndearnadh brústocaireacht air/uirthi; ábhar na gníomhaíochta brústocaireachta agus na torthaí a bheartaigh an duine a bhaint amach léi. Ní mór cineál agus méid na gníomhaíochta brústocaireachta a léiriú sa tuairisceán freisin. Má seoladh an ghníomhaíocht brústocaireachta thar ceann cliaint, ní mór sonraí faoin gcliant a chur ar fáil sa tuairisceán.

## Forálacha Eile

Chomh maith leis sin, foráiltear leis an Acht go mbeidh aicmí sonracha d'OPA (mar shampla, Airí den Rialtas agus Airí Stáit, comhairleoirí speisialta, seirbhísigh phoiblí shinsearacha agus státseirbhísigh shinsearacha) faoi réir tréimhse mharana iarfhostaíochta aon bhliana, tréimhse nár cheart dóibh gabháil do ghníomhaíochtaí brústocaireachta sonracha lena linn.

Cuimsítear san Acht roinnt forálacha imscrúdaithe agus forfheidhmithe a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017. Foráiltear leis freisin do shásra achomhairc neamhspleách i dtaca le breitheanna/cinntí áirithe a thugann nó a dhéanann an Coimisiún faoin Acht i ndáil le faisnéis mhíchruinn a thuairisciú; foilsiú moillithe; agus iarratais ar an tréimhse mharana aon bhliana a tharscaoileadh.

Ar deireadh, foráiltear le halt 2 den Acht d'athbhreithniú reachtach a dhéanamh ar an Acht. Tar éis an athbhreithnithe, féadfaidh an tAire breithniú a dhéanamh ar leasuithe féideartha ar an Acht. Ní mór don Aire tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais ar thoradh an athbhreithnithe agus ar aon mholtaí maidir le leasuithe ar an Acht.

## Ionstraimí Reachtúla faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil

Tugadh sé ionstraim reachtúla isteach faoin Acht, ba iad sin:

- An tOrdú fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Tosach Feidhme) (I.R. Uimh. 152 de 2015);
- Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Achomhairc), 2015 (I.R. Uimh. 366 de 2015);
- Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe) (I.R. Uimh. 367 de 2015);
- An tOrdú fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Tosach Feidhme), 2016 (I.R. Uimh. 360 de 2016);
- Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Fógra Íocaíochta Seasta), 2016 (I.R. Uimh. 361 de 2016), agus
- Na Rialacháin fán Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Oifigigh Phoiblí Ainmnithe), 2016 (I.R. Uimh. 362 de 2016)

# Aguisín 2: Athbhreithniú Reachtach ar an Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015: Moltaí ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Chun aighneacht iomlán an Choimisiún a fheiceáil, féach:

https://www.lobbying.ie/media/6064/sipoc-submission-to-legislative-review-of-regulation-of-lobbying-act-2015-ga.pdf

Final – 14 September 2016

**APPENDIX: Summary of Recommendations**

1. It is recommended that the Act be amended to explicitly address representative bodies with fewer than one full-time employee and informal coalitions.

2. It is recommended that the Act be amended to explicitly include third parties lobbying in relation to zoning and development and require the disclosure of the client's identity.

3. It is recommended that the Act be amended as follows: any relevant communications on behalf of an organisation that falls within scope of the Act made by any person who holds office in the organisation, regardless of whether the position is remunerated, will be considered to be made by that organisation and must be included in the organisation's return of lobbying activities.

4. It is recommended that the Act be amended to exempt communications made by political parties to their designated public official members in their capacity as members of the party.

5. It is recommended that the Act be amended to exempt submissions that are published by a public body, regardless of when such publication takes place. Subsection 5(5)(e) of the Regulation of Lobbying Act could read "communications requested by a public service body that have been or will be published by it".

6. It is recommended that the exemption in section 5(5)(l) of the Act be clarified.

7. It is recommended that consideration be given to expanding the list of designated public officials to include senior staff in influential public bodies that have heretofore not had any officials designated, before extending it to lower levels.

8. It is recommended that any designation of Principal Officers as designated public officials be made on a case by case basis according to delegated authority.

9. It is further recommended that the position of Head of Lobbying Regulation be explicitly exempted from the list of designated public officials.

10. It is recommended that section 6 be amended to require that the list of designated public officials maintained by public bodies also include those officials who meet the definition in section 6(1)(e), that is special advisers appointed under section 11 of the Public Service Management Act.

16

Final – 14 September 2016

11. It is further recommended that public bodies be required to update and publish their online lists of designated public officials at least three times per year, before the end of each relevant period (i.e. 30 April, 31 August, 31 December).

12. It is recommended that the Act be amended to include explicit guidelines for the retention and destruction of information in the public register.

13. It is recommended that subsections 11(1)(d) and 12(5)(d) be amended to read "… any e-mail address, telephone number and website address relating to the person's business or main activities".

14. It is further recommended that section 11(b) be amended in line with section 11(c) to include "main activities".

15. It is recommended that section 16 be modified to require that the Commission consult with interested stakeholders in developing the Code of Conduct, and to lay the Code before the Oireachtas.

16. It is recommended that section 16 be modified to give the Commission authority to issue guidance on the Code of Conduct, and to conduct inquiries into and report on breaches of the Code.

17. It is recommended that contravening section 22(1) should be added to the list of relevant contraventions in section 18 of the Act.

18. It is recommended that an anti-avoidance clause be added to the list of relevant contraventions in section 18 of the Act.

19. It is recommended that the Act be amended to give the Commission the authority to make investigation reports public.

20. It is recommended that the Act be amended to introduce obligations for DPOs to decline further meetings with persons where the DPO is aware that the lobbyist has failed to register previous lobbying activities by the relevant date.

21. It is recommended that the Commission have the authority to order any DPO to refuse to have dealings with a lobbyist who has been convicted of a relevant contravention.

22. It is recommended that the Commission have the authority to investigate breaches of the provisions outlined in recommendations 20 and 21.

17

Final – 14 September 2016

23. It is recommended that section 6(4) of the Act be amended to include the requirement for public bodies to inform the Standards Commission before the end of every relevant period of the relevant bodies that are meant to be adhering to the Transparency Code.

18

## Achoimre ar na Moltaí

1. Moltar go leasófar an tAcht chun aghaidh a thabhairt go sainráite ar chomhlachtaí ionadaíocha le níos lú ná fostaí lánaimseartha amháin agus ar chomhghuaillíochtaí neamhfhoirmiúla.

2. Moltar go leasófar an tAcht chun thríú páirtithe a dhéanann brústocaireacht maidir le criosú agus forbartha a chur san áireamh go sainráite agus a cheangal fíorchéannacht an chliaint a nochtadh.

3. Moltar go leasófar an tAcht mar seo a leanas: aon chumarsáid ábhartha thar ceann eagraíochta a thagann faoi chuimsiú scóip an Achta arna déanamh ag aon duine atá i seilbh oifige san eagraíocht, is cuma má tá an seasamh sin íoctha, breithneofar go rinneadh an eagraíocht sin é agus ní mór a chur san áireamh i dtuairisceán gníomhaíochtaí brústocaireachta na heagraíochta.

4. Moltar go leasófar an tAcht chun cumarsáidí ó pháirtithe polaitíochta chuig a gcomhaltaí oifigeach poiblí ainmnithe ina gcáil mar chomhaltaí an pháirtí a dhíolmhú.

5. Moltar go leasófar an tAcht chun aighneachtaí arna bhfoilsiú ag comhlacht poiblí a dhíolmhú, is cuma cathain a hoilsítear iad. I bhfo-alt 5(5)(e) den Acht um Brústocaireacht a Rialáil “cumarsáidí a iarrann comhlacht seirbhíse poiblí agus a d’fhoilsigh nó a fhoilsíonn sé”.

6. Moltar go soiléireofar an díolúine in alt 5(5)(l) den Acht.

7. Moltar go mbreithneofaí liosta na n-oifigeach poiblí ainmnithe a leathnú chun an fhoireann shinsearach i gcomhlachtaí poiblí údarásach nach raibh aon oifigeach ainmnithe go dtí seo a chur san áireamh, sula leathnófar chuig na leibhéil níos ísle é.

8. Moltar go ndéanfaí ainmniú Príomhoifigeach mar oifigigh phoiblí ainmnithe ar bhonn gach cáis de réir údaráis tharmligthe.

9. Moltar freisin go ndíolmhófar Ceannasaí na Rialála Brústocaireachta go sainráite ó liosta na n-oifigeach poiblí ainmnithe.

10. Moltar go leasófar alt 6 chun a cheangal maidir le liosta na n-oifigeach poiblí ainmnithe arna chothabháil ag comhlachtaí poiblí go n-áireofar freisin na hoifigigh sin a chomhlíonann an sainmhíniú in alt 6(1)(e), is iad sin comhairleoirí speisialta arna gceapadh faoi alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí.

11. Moltar chomh maith go gceanglófar ar chomhlachtaí poiblí a liostaí ar líne d’oifigigh phoiblí ainmnithe a nuashonrú agus a fhoilsiú ar a laghad trí huaire sa bhliain, roimh dheireadh gach tréimhse ábhartha (is é sin: 30 Aibreán, 31 Lúnasa, 31 Nollaig).

12. Moltar go leasófar an tAcht chun treoirlínte sainráite maidir le coinneáil agus scrios eolais sa chlár poiblí a chur san áireamh.

13. Moltar go leasófar fo-alt 11(1)(d) agus fo-alt 12(5)(d) chun “... aon seoladh r-phoist, uimhir ghutháin agus seoladh laithreáin ghréasáin a bhaineann le gnó nó príomhghníomhaíochtaí an duine” a léamh.

14. Moltar chomh maith go leasófar alt 11(b) i gcomhréir le halt 11(c) chun "príomhghníomhaíochtaí" a áireamh.

15. Moltar go modhnófar alt 16 chun a cheangal go rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le geallsealbhóirí leasmhara i bhforbairt an Chóid Iompair, agus é a chur faoi bhráid an Oireachtais.

16. Moltar go modhnófar alt 16 chun údarás a thabhairt don Choimisiún chun treoir a eisiúint maidir leis an gCód Iompair, agus chun fiosrúcháin a dhéanamh agus tuairisciú i ndáil le sáruithe ar an gCód.

17. Moltar go gcuirfear sárú alt 22(1) le liosta na sáruithe ábhartha in alt 18 den Acht.

18. Moltar go gcuirfear clásal frithsheachanta le liosta na sáruithe ábhartha in alt 18 den Acht.

19. Moltar go leasófar an tAcht chun údarás a thabhairt don Choimisiún chun tuarascálacha imscrúdaithe a chur ar fáil go poiblí.

20. Moltar go leasófar an tAcht chun oibleagáidí a thabhairt isteach le haghaidh oifigeach poiblí ainmnithe chun cruinnithe breise le daoine a dhiúltú i gcás ina bhfuil an OPA ar an eolas gur theip ar an mbrústocaire na gníomhaíochtaí brústocaireachta roimhe a chlárú faoin dáta ábhartha.


21. Moltar go mbeadh an t-údarás ag an gCoimisiún aon OPA a ordú chun déileálacha le brústocaire atá ciontaithe de shárú ábhartha a dhiúltú.

22. Moltar go mbeadh an t-údarás ag an gCoimisiún chun sáruithe ar na forálacha a leagtar amach i moladh 20 agus i moladh 21 a imscrúdú.


23. Moltar go leasófar alt 6(4) den Acht chun an ceanglas ar chomhlachtaí poiblí a chur san áireamh chun an Coimisiún um Chaighdeáin a chur ar an eolas roimh dheireadh gach tréimhse ábhartha maidir leis na comhlachtaí ábhartha ar cheart go mbeidís ag cloí leis an gCód um Thrédhearcacht.

# Aguisín 3: Staitisticí


## Fíor 1: An líon clárúchán





## Fíor 2: An líon tuairisceán a fuarthas



## Fíor 3: Miondealú de réir réimse beartais phoiblí i 2016



**Fíor 4: Miondealú ar chlárúchán de réir áite**




Cúis imní don Choimisiún is ea an líon íseal cláraithe i roinnt contaetha. Cé nach cúis iontais é go bhfuil an líon is airde clárúchán (60.75%) lonnaithe i mBaile Átha Cliath, príomhchathair na tíre, is cúis imní é go bhfuil níos lú ná deichniúr cláraithe ag roinnt contaetha. Ós rud é go n-áirítear comhaltaí agus baill foirne shinsearacha d'údaráis áitiúla, Teachtaí Dála, Seanadóirí agus daoine eile le hOPAanna, bheifí ag súil leis go mbeadh gníomhaíochtaí brústocaireachta ar siúl ar leibhéal áitiúil i ngach contae agus go mbeadh líon i bhfad níos airde clárúchán ag na contaetha go léir.

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
18 Sráid Líosain Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 HE97

Teil.: (01) 639 5722
R-phost: info@lobbying.ie

Suíomh Gréasáin: www.lobbying.ie
Twitter: @LobbyingIE

designed by CATALYSTO